C/2024/4403

8.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11531 — CINVEN / ALTER DOMUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4403)

1. An 28 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

   Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

   — The Eighth Cinven Fund ('Cinven VIII') atá á bhainistiú ag Cinven Limited agus ar cuid de Cinven é ([2]) ('Cinven', Geansaí), agus

   — Alter Domus Global S.à r.l. ('Alter Domus', Lucsamburg).

   Gheobhaidh Cinven VIII rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Alter Domus ina iomláine.

   Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

   — Cuid de Cinven a bhaineann le ciste infheistíochta é Cinven VIII, ar gnólacht cothromais phríobháidigh é a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta.

   — Soláthraíonn Alter Domus seirbhísí riaracháin cistí agus seirbhísí coimhdeacha do ghnólachtaí idirnáisiúnta cothromais phríobháidigh, bonneagair agus eastáit réadaigh, bainisteoirí fiachais phríobháidigh, cuideachtaí ilnáisiúnta, cliaint phríobháideacha agus eisitheoirí margaí caipitil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

   De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

   Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

   M.11531 — CINVEN / ALTER DOMUS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Ciallaíonn 'Cinven', ag brath ar an gcomhthéacs, aon cheann de Cinven Holdings Guernsey Limited, Cinven Partnership LLP agus a gcuid 'comhlach' faoi seach (mar a shainmhínítear in Acht Cuideachtaí na Ríochta Aontaithe 2006) nó i dteannta a chéile agus/nó cistí atá á mbainistiú ag aon cheann díobh sin roimhe seo mar atá comhdhéanta chun críocha EUMR, nó a dtugann aon cheann díobh comhairle ina leith.

([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË